

European Schools

Office of the Secretary-General

Pedagogical Development Unit

Ref. : 2010-D-49-ga-6

LEAGAN GAEILGE

Siollabas do gach teanga III – Syllabus for all LIII languages

APPROVED BY THE JOINT TEACHING COMMITTEE ON 5 AND 6 OCTOBER 2011 IN BRUSSELS

Entry into force in September 2012 for cycle 1 and cycle 2 and in September 2013 for cycle 3.

AGUISÍNÍ ÚDARAITHE AG AN GCOMHCHOISTE TEAGAISC AR AN 13 AGUS 14 FEABHRA 2014 AGUS AG BORD NA NGOBHARNÓIRÍ AR AN 8 – 10 AIBREÁN 2014 I SOFIA

Tiocfaidh i bhfeidhm i Meán Fómhair 2014 do Baccalaureate 2015

SIOLLABAS DO GACH TEANGA L III SIOLLABAS I GAELIGE

1. Réamhrá

Lean an Bhuíon Oibre “Caighdeáin in L III” ar aghaidh lena gcuid oibre faoi anáil chonclúidí chruinniú an CIS den 8 Feabhra 2011 (doiciméad 2010-D-49). D’fhorbair an Bhuíon Oibre an siollabas do gach teanga L III.

Tá an siollabas bunaithe ar *Creatlach Tagartha Coiteann Eorpach do Theagasc agus Foghlaim Teangacha Iasachta* agus ar *Creatlach Eorpach de Eochairchumais do Fhoghlaim ar feadh Saoil*.

Tá an siollabas bunaithe ar chomhairle ó shaineolaithe agus léiríonn sé ina chuspóirí, ábhar agus modhanna an bonn coiteann, armónaithe a bhaineann le hachar na nuatheangacha sna Scoileanna Eorpacha, rud atá i bhfeidhm cheana i mórán córas náisiúnta.

Gné d’athbhreithniú an Baccalauréat is ea an creatlach. Sásaíonn sé na héilimh ó iarúachtaráin an BAC, a leag béim i gcónaí ar an ngá atá le dearadh coitianta, armónaithe a leagfadh síos caighdeáin do gach clár teanga.

Díríonn an siollabas isteach ar an eolas agus na hábaltachtaí atá le gnóthú um dheireadh gach timthrialla.

Cuimsíonn sé cuspóirí ginearálta, prionsabail theagascacha, cuspóirí foghlama, ábhar agus measúnú. Sonraíonn sé na míreanna teanga a bheidh le foghlaim ag scoláirí agus cuireann sé síos ar an eolas agus na scileanna a shealbhóidh siad le go bhféadfaidh siad cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach.

Tá struchtúr an tsiollabais gearr d’aon ghnó ach déantar fairsingiú air i bhfoirm nótaí tráchta (mar aguisín). Tig le *Tairseach na Foghlama* fóram breise a chur ar fáil do threoirilínte, soiléiriú nó comhairle bhreise.

Siollabas armónaithe do gach teanga L III atá sa siollabas seo. Dearbhóidh sé go mbeidh cothromas ann do scoláirí gach teanga L III agus cuirfidh sé leis na deiseanna chun deachleachtas agus saineolas gairmiúil a chomhroinnt i measc na ranna teanga.

Tiocfaidh an siollabas do gach teanga L III i bhfeidhm i Meán Fómhair 2012 do Thimthriallta 1 agus 2, agus do Thimthriall 3 i Meán Fómhair 2013.

2. Cuspóirí Ginearálta

Dhá cheann de chuspóirí mheánroinn na Scoileanna Eorpacha is ea oideachas foirmiúil, ábharbhunaithe a chur ar fáil agus forbairt phearsanta scoláirí a chothú i gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha níos leithne. Is é atá i gceist le hoideachas foirmiúil ná eolas, tuiscint, coincheapa agus scileanna a ghnóthú laistigh de gach achar ábhair. Tarlaíonn forbairt phearsanta i raon comhthéacsanna spioradálta, morálta, sóisialta agus cultúrtha. Áirítear inti feasacht ar iompar cuí, tuiscint don timpeallacht ina n-oibríonn agus a maireann scoláirí agus forbairt ar a bhféiniúlacht individiúil.

Cothaítear an dá chuspóir seo, atá dodheighilte i ndáiríre, i gcomhthéacs feasachta breisithe ar shaibhreas chultúr na hEorpa. Ba chóir go ngríosódh feasacht agus taithí ar shaol comhpháirteach Eorpach na scoláirí chun breis omóis a léiriú do thraidisiúin gach tíre agus

gach réigiúin ar leith san Eoraip, fad a bheadh a bhféiniúlachtaí náisiúnta féin á bhforbairt agus á gcoinneáil slán.

Saoránaigh na hEorpa agus an domhain a bheidh i scoláirí na Scoileanna Eorpacha sa todhchaí. Dá réir sin, beidh raon ábaltachtaí ag teastáil uathu le gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin domhain atá ag athrú go mear. Sa bhliain 2006, ghlac Comhairle na hEorpa agus Párlaimint na hEorpa le *Creatlach Eorpach de Eochairchumais don Fhoghlaim ar feadh Saoil*. Sainithníonn sé seo ocht eochairchumas a bhíonn ag teastáil ó gach éinne do fhéinchomhlíonadh agus do fhorbairt phearsanta, do shaoránacht ghníomhach, do chuimsiú sóisialta agus do fhostaíocht:

1. Cumarsáid sa mháthairtheanga
2. Cumarsáid i dteangacha iasachta
3. Cumas matamaiticiúil agus cumais bhunúsacha in eolaíocht agus teicneolaíocht
4. Cumas digiteach
5. Foghlaim conas foghlaim
6. Ábaltachtaí sóisialta agus saoránachta
7. Féith tionscnaíochta agus fiontraíochta
8. Feasacht agus cur in iúl cultúrtha.

Féachann curaclam na Scoileanna Eorpacha leis na heochairchumais seo go huile a chothú sna scoláirí. Cuireann na siollabais teanga go suntasach ní amháin le cumais chumarsáideacha a fhorbairt, ach freisin cumais shóisialta agus shaoránachta agus feasacht agus cur in iúl cultúrtha na scoláirí.

Tá staidéar ar L III, *ab initio*, éigeantach do gach scoláire meánscoile ó Bhliain 1 go Bliain 5 agus tá sé roghnach i mBlianta 6 agus 7. Tig le scoláirí aon cheann de theangacha oifigiúla Chomhaontas na hEorpa a roghnú mar L III, ach ní mór gur teanga dhifriúil í ó na teangacha roghnaithe mar L I agus L II.

Tá na cuspóirí suas go deireadh Bhliain 5 bunaithe ar chúig bliana staidéir leanúnaigh ar an teanga (dhá rangthréimhse sa tseachtain i mBliain 1 agus trí rangthréimhse sa tseachtain i mBlianta 2 go 5), agus tá na cuspóirí don Baccalaureate bunaithe ar sheacht mbliana staidéir leanúnaigh (ceithre rangthréimhse sa tseachtain i mBlianta 6 agus 7).

Tá na cuspóirí foghlama tagarmharcáilte in aghaidh na leibhéil tagartha i *Creatlach Tagartha Coiteann Eorpach do Theangacha (CTCE)* de chuid Chomhairle na hEorpa.

Ceadaíonn an CTCE leibhéil idirmheánacha, freisin, sainaitheanta mar A1+, A2+ etc;

Timthriall	Leibhéal inniúlachta
Timthriall 1: S1 + S3	Leibhéal A1+
Timthriall 2: S4 + S5	Leibhéal A2+
Timthriall 3: S6 + S7	Leibhéal B1+

Do theagasc agus d'fhoghlaim teangacha iasachta i gcóras na Scoileanna Eorpacha, déantar tagairt do na tagarmharcanna CTCE seo a leanas:

L II	C1
L III	B1+
L IV	A2+

3. Prionsabail Theagascacha

Luaitear na prionsabail theagascacha a leanas mar threoir do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge L III:

- Is sprioc foghlama uileghabhálach é cumas cumarsáideach teanga.
- Ba chóir go ndíreofaí aire ar na scileanna éisteachta, léitheoireachta, idirghníomhaíochta labhartha, cur in iúl labhartha agus scríbhneoireachta, ach braitheann a n-ualú coibhneasta ar an timthriall.
- Ba chóir go gcuirfí san áireamh sa teagasc dul chun cinn na scoláirí trí na céimeanna éagsúla sealbhú teanga. Ba chóir leas cuiditheach a bhaint as botúin na scoláirí chun an fhoghlaim a fhorbairt.
- Sa teagasc, ba chóir an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as an sprioctheanga.
- Ba chóir go spreagfaí scoláirí chun tarraingt ar na scileanna teanga agus na straitéisí foghlama atá acu cheana.
- Ba chóir go mbeadh éagsúlacht sna modhanna teagaisc agus sa chur chuige a úsáidtear.
- Moltar úsáid a bhaint as modheolaíochtaí teagaisc difreáilte chun freastal ar riachtanais dhifriúla na scoláirí uile.
- Ba chóir an leas is fearr a bhaint as na difríochtaí i stíleanna foghlama, rátaí foghlama, scileanna sóisialta, nearta agus laigí i measc na scoláirí.
- Bainfidh na scoláirí amach líofacht agus neamhspleáchas trí úsáid a bhaint as raon acmhainní foghlama, ina measc TFC (teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide).
- Tá sé intuigthe ó inniúlacht mhaith sa teanga i gcomhthéacs go bhfuil tuiscint bainte amach de réir a chéile ar an teanga mar chóras.
- Ba chóir tosaíocht a thabhairt do fheidhmiúlacht nuair a bhíonn gramadach, moirfeolaíocht agus foclóir á múineadh.
- Ba chóir cumas soch-theangeolaíochta scoláirí a fhorbairt ionas go gcuimseofaí ann feasacht ar ghéithe mar réim theangeolaíochta, éagsúlachtaí teanga, etc.

Níl an liosta thuas lánchuimsitheach ná níl sé in ord tábhachta.

4. Cuspóirí Foghlama:

Cuspóirí foghlama do Thimthriall 1 (S1-S3)

Um dheireadh Thimthriall 1, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Focail agus frásaí bunaithe ar thaithí agus ar achair a bhfuil ábharthacht phearsanta láithreach ag baint leo, a thuiscint nuair a labhraíonn daoine go mall agus go soiléir.
2. Téacsanna gearra, scríofa ina bhfuil focail agus frásaí aithnidiúla a léamh agus a thuiscint.
3. Bheith rannpháirteach i gcomhráite faoi achair a bhaineann le riachtanas láithreach nó faoi thoipicí an-aithnidiúla, le tacaíocht áirithe.
4. Cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar a d(h)omhan féin, le tagairt éigin don am atá caite agus don todhchaí.
5. Nótaí agus litreacha gearra, simplí a scríobh mar gheall ar imeachtaí an ghnáthlae.
6. Eolas agus tuiscint bhunúsach a léiriú ar chultúir thíortha/phobail na sprioctheanga.
7. An t-eolas cultúrtha atá sealbhaithe aige/aici a ghaolú le heolas cultúrtha thír/phobail na sprioctheanga.
8. Raon straitéisí foghlaim teanga a shainaithint agus a fheidhmiú.

9. Raon scileanna bunúsacha staidéir agus uirlisí a chur i bhfeidhm ar fhoghlaim na sprioctheanga.

Cuspóirí foghlama do Thimthriall 2 (S4-S5)

Um dheireadh Thimthriall 2, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Caint chaighdeánach labhartha, atá bainteach le taithí phearsanta agus le roinnt toipicí spéise níos leithne, a thuiscint nuair a bhíonn an urlabhra soiléir agus mall.
2. Eolas sonrathach a léamh agus a phiocadh amach as ábhar scríofa coitianta agus as téacsanna liteartha.
3. Bheith rannpháirteach i gcomhráite agus eolas a mhalartú i dtaobh an ghnáthshaoil agus toipicí spéise ginearálta.
4. Cur síos ó bhéal, ar bhealach comhtháiteach, ar a t(h)aithí, a d(h)óchas agus a p(h)leananna féin, agus scéal nó plota leabhair nó scannáin a aithris.
5. Litreacha pearsanta agus téacsanna simplí, comhtháiteacha a scríobh ar thoipicí atá bainteach le himeachtaí, taithí agus tuairimí an ghnáthlae.
6. Eolas agus tuiscint áirithe a léiriú ar chultúir na sprioctheanga, ar a n-áirítear an tsochaí, stair, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs.
7. Cóid bhunúsacha idirchultúrtha a aithint agus a úsáid chun idirghníomhú go cuí le cainteoirí na sprioctheanga.
8. Straitéisí éifeachtacha a roghnú chun a f(h)oghlaim individiúil teanga féin a eagrú.
9. Eolas ó raon leathan acmhainní páipéar-bhunaithe agus leictreonacha a chuardach, a bhailiú agus a phróiseáil, chun a scileanna teanga a fhorbairt.

Cuspóirí foghlama do Thimthriall 3 (S6-S7)

Um dheireadh Thimthriall 3, ba chóir go mbeadh an scoláire ábalta:

1. Na príomhphointí i gcaint chaighdeánach, atá níos casta ach soiléir agus atá bainteach le toipicí spéise ginearálta agus le cúrsaí reatha, a thuiscint.
2. Téacsanna liteartha agus neamhliteartha a léamh, a thuiscint agus a anailísiú.
3. Bheith páirteach i gcomhráite mar gheall ar thoipicí inspéise ginearálta agus cúrsaí reatha agus tuairimí pearsanta a chur in iúl go measartha líofa as a stuaim féin.
4. Cuntais shoiléire, mhionsonraithe a thabhairt ar raon leathan ábhar, agus na cúiseanna atá le tuairimí agus pleananna a thabhairt agus iad a mhíniú.
5. Téacsanna mionsonraithe, soiléire a scríobh, ar a n-áirítear litreacha, aistí agus tuairiscí a chuireann dearcthaí nó barúla ar raon leathan ábhar in iúl.
6. Léirstean agus tuiscint níos doimhne ar chultúir na sprioctheanga a thaispeáint, ar a n-áireofaí an tsochaí, cúrsaí reatha, litríocht agus a comhthéacs, agus na healaíona i gcoitinne.
7. Úsáid a bhaint as raon cóid idirchultúrtha chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.
8. Bheith freagrach, níos mó agus níos mó, as a f(h)oghlaim teanga féin.
9. Na hacmhainní atá ar fáil a mheas go criticiúil, agus iad siúd is intaofa agus is oiriúnaí do chuspóirí agus do lucht cumarsáide ar leith a roghnú.

5. Ábhar:

Timthriall 1 (S1-S3)

Um dheireadh Thimthriall 1, ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag an scoláire:

- eolas bunúsach ar fhoghraíocht, tuin chainte agus rialacha litriúcháin
- eolas ar fhoclóir agus ar nathanna cainte simplí
- eolas ar phatrúin focal agus struchtúir ghramadaí shimplí
- eolas bunúsach ar conas foclóirí agus acmhainní eile, TFC san áireamh, a úsáid
- feasacht ar chultúr thíortha/phobail na sprioctheanga
- eolas áirithe ar bhunstraitéisí foghlaim teanga, ina measc feasacht ar a ndul chun cinn féin.

Timthriall 2 (S4-S5)

Trí thógáil ar an eolas agus na scileanna atá gnóthaithe cheana i dTimthriall 1, um dheireadh Timthriall 2 ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag na scoláirí:

- eolas maith ar fhoghraíocht agus tuin chainte, agus rialacha comhdhlúite litriúcháin
- raon leathnaithe foclóra agus nathanna cainte
- raon leathnaithe patrúin focal agus struchtúir ghramadaí
- eolas ar conas tabhairt faoi obair thaighde, ag baint úsáide as raon acmhainní, ina measc TFC, le tacaíocht más gá
- eolas áirithe ar chultúr thíortha/phobail na sprioctheanga agus teagmháil áirithe le téacsanna liteartha
- raon straitéisí foghlaim teanga agus uirlisí chun a bhfuil foghlamtha acu féin a mheas.

Timthriall 3 (S6-S7)

Trí thógáil ar an eolas agus na scileanna atá gnóthaithe cheana i dTimthriall 2, um dheireadh Timthriall 3 ba chóir go mbeadh a bhfuil thíos gnóthaithe ag an scoláire:

- eolas ar réimeanna difriúla teanga do lucht éisteachta agus do chuspóirí difriúla
- raon leathan foclóra agus foclóir a bhaineann le coincheapa teibí san áireamh
- raon de struchtúir ghramadaí choimpléascacha
- straitéisí do thaighde neamhspleách ag baint úsáide as raon acmhainní, ina measc TFC
- léargas ar chultúr thíortha/phobail na sprioctheanga agus staidéar ar théacsanna liteartha san áireamh
- straitéisí neamhspleácha foghlama agus an cumas chun a bhfuil foghlamtha aige/aici féin a mheas.

6. Measúnú:

Timthriall 1 (S1 - S3)

A) Measúnú foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí bhreathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na greillí féinmheasúnaithe sa CCET (Creatlach Coiteann Eorpach Tagairtí do Theangacha) agus sna Punanna Eorpacha Teanga.

Timthriall 2 (S4 - S5)

A) Measúnú foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí mheasúnú tosaigh, breathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na greillí féinmheasúnaithe sa CTCE agus sna Punanna Eorpacha Teanga.

B) Measúnú suimitheach

Ag deireadh an timthrialla beidh scrúdú armónaithe in éisteacht, léamh, idirghníomhaíocht labhartha, cur in iúl labhartha agus scríobh.

Timthriall 3 (S6 - S7)

A) Measúnú foirmitheach

Ba chóir gur measúnú foirmitheach a bheadh i gceist den chuid is mó. Trí mheasúnú tosaigh, breathnóireacht an mhúinteora, trialacha agus féinmheasúnú, gnóthaíonn na scoláirí feasacht ar a leibhéal agus ar a ndul chun cinn i gcaitheamh an chúrsa. Ba chóir na cuspóirí foghlama don timthriall a bheith mar bhonn don mheasúnú. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na greillí féinmheasúnaithe sa CTCE agus sna Punanna Eorpacha Teanga.

B) Measúnú suimitheach

Ag deireadh an timthrialla, déanfar measúnú ar éisteacht, léamh, idirghníomhaíocht labhartha, cur in iúl labhartha agus scríobh le scrúdú scríofa agus ó bhéal.

Critéir mheasúnaithe

Tomhaiseann na scrúduithe deiridh a mhéad atá na cuspóirí foghlama don timthriall gnóthaithe ag na scoláirí.

Déanann na scrúduithe cumas na scoláirí a mheas chun téama a chur i láthair sa sprioctheanga, na príomhphointí a bhaint as, anailís a dhéanamh ar an ábhar agus dearcadh a chur in iúl. Ba chóir don scoláire tagairt a dhéanamh, mar is cuí, do ghnéithe ábhartha an sprioc-chultúir, litríocht, stair agus an tsochaí, agus ábaltacht a léiriú i dtaca le moirfeolaíocht, comhréir, foclóir agus nathanna cainte.

Déanfar scileanna éisteachta, idirghníomhaíocht labhartha agus cur in iúl labhartha a mheas trí mheán na sprioctheanga.

Cuirfear greillí marcála ar fáil do mhúinteoirí le go bhféadfaí an marc foriomlán a aireamh.

AGUISÍN : Nótaí Tráchtá

Nótaí tráchtá atá sa roinn seo ar ranna áirithe den siollabas mar a bhfuil gá le soiléiriú. Tá na sleachta as an siollabas i gcló trom nó sa chló Iodálach.

a) Prionsabail theagascacha

Ba chóir aire a dhíriú ar na scileanna éisteachta, léitheoireachta, idirghníomhachta labhartha, cur in iúl labhartha agus scríbhneoireachta, ach braitheann a n-ualú coibhneasta ar an timthriall.

Sa chéad timthriall beidh an phríomhbhéim ar éisteacht, léamh agus idirghníomhaíocht labhartha agus leagfar níos lú béime ar chur in iúl labhartha agus scríobh.

Timthriall idirmheánach atá sa dara timthriall ina mbainfidh níos mó tábhachta le cur in iúl labhartha agus leagfar béim níos lú ar chomhráite. Is amhlaidh a bheidh freisin i gcás scil na scríbhneoireachta, a bheidh ina príomhchuspóir foghlama.

Sa tríú timthriall beidh an bhéim ar scríobh agus ar chur in iúl labhartha, agus caomhnófar na scileanna éisteachta, léitheoireachta agus idirghníomhaíochta labhartha.

Ba chóir go spreagfaí scoláirí chun tarraingt ar na scileanna teanga agus na straitéisí foghlama atá acu cheana.

Agus iad ag foghlaim na tríú teanga, is féidir go dtiocfadh an-tairbhe do straitéisí foghlama na scoláirí as tarraingt ar na scileanna teanga atá acu cheana (“an éifeacht teanga threasach”) agus ba chóir go misneofaí iad lena n-úsáid. Úsáid mhachnamhach teanga, breathnúcháin chomparáideacha, agus léirthuisicint ar scileanna ginearálta foghlaim teanga, ba chóir go bhfeabhsódh siad seo go mór an sealbhú teanga.

Ba chóir an leas is fearr a bhaint as na difríochtaí i stíleanna foghlama, rátaí foghlama, scileanna sóisialta, neartha agus laigí i measc na scoláirí.

I measc stíleanna foghlama áirítear cineálacha éagsúla cur chuige nó bealaí foghlama a chabhraíonn leis an scoláire aonair foghlaim mar is cóir.

Tá ceangail idir stíleanna foghlama agus neartha scoláirí (físeacha, cloisteála) agus éirimiúlachtaí difriúla (teangúil, loighiciúil, ceolmhar, etc.)

Ba cheart do mhúinteoirí a modheolaíochtaí a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais agus stíleanna difriúla foghlama a scoláirí. Dá eolaí orthu seo na múinteoirí, is ea is éifeachtúla na torthaí foghlama a bhainfear amach.

Ba chóir go mbeadh éagsúlacht sna modhanna teagaisc agus sa chur chuige a úsáidtear.

Tá sé an-tábhachtach go mbainfí úsáid as modheolaíochtaí teagaisc éagsúla. Mar shampla, is féidir gur uirlisí éifeachtacha foghlama iad tascanna gníomhacha foghlama mar obair bheirte nó grúpobair, obair thionscnaimh, rólímirt, punanna, etc.

Moltar úsáid a bhaint as modheolaíochtaí teagaisc difreáilte chun freastal ar riachtanais dhifriúla na scoláirí uile.

Baineann ilchineálacht go sonrach le L III mar, i mórán cásanna, ní scoláirí ‘ab initio’ iad na scoláirí uile. Bíonn gá le cur chuige difreáilte sa chás seo. Is féidir go gcruthódh feidhmiú modheolaíochtaí difreáilte teagaisc creatlach le freastal ar riachtanais dhifriúla na scoláirí. Is féidir oibriú ar chuspóirí nó spriocanna foghlama ag leibhéal dhifriúla. Is féidir difreáil a thabhairt isteach sna straitéisí teagaisc agus foghlama, agus i léibhéal deacrachta na dtéacsanna agus na dtascanna roghnaithe, trí chumas an fhoghlaimora a chur sna áireamh maille le hábhair spéise, stíleanna foghlama agus sainroghanna, chomh maith le húsáid a bhaint as éagsúlacht modhanna teagaisc.

Tá sé intuigthe ó inniúlacht mhaith sa teanga i gcomhthéacs, go bhfuil tuiscint bainte amach de réir a chéile ar an teanga mar chóras.

Tá foghlaim teanga iasachta bunaithe ar chur chuige cumarsáideach, dírithe ar ghníomhaíocht. Dá bhrí sin, baineann tábhacht le ról an chomhthéacs. Ba chóir foclóir agus nathanna cainte a chur i láthair i suímh chomhthéacsúla, agus iad a fhorbairt ar bhealach córasach. Ag gach staid foghlama, tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh gur gá do scoláirí dul i ngleic leis an sprioctheanga, céim ar chéim go forásach, agus go mbainfí feidhm chuiditheach as earráidí chun foghlaim a chothú. Mar sin féin, níor mhiste leibhéal réasúnta cruinnis a lorg in úsáid na teanga.

Ba chóir cumas soch-theangeolaíochta scoláirí a fhorbairt ionas go gcuimseofaí ann feasacht ar ghéithe mar réim theangeolaíochta, éagsúlachtaí teanga, etc.

Is é atá i gcumas soch-theangeolaíochta ná a bheith ábalta an bhrí shóisialta a ghabhann le h-éagsúlachtaí teangúla (réimeanna, stíleanna, canúintí, etc.) a aithint agus a léirithuisint, teanga a úsáid leis an mbrí shóisialta a bheadh cuí don suíomh cumarsáideach agus tacú go gníomhach le forbairt comhráite.

Samplaí: a bheith ar an eolas maidir leis na difríochtaí atá idir suímh fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, bealaí chun beannú do dhaoine a aithint, eolas a bheith ag duine ar cathain agus conas is cóir a bheith moltach ar dhaoine eile, leithscéal a ghabháil, glacadh nó diúltú do chuiríocha, etc.

b) Cuspóirí foghlama

Timthriallta 2 + 3: cóid idirchultúrtha

Ba chóir go mbeadh scoláirí Thimthriall 2 ábalta cóid bhunúsacha idirchultúrtha a aithint agus a úsáid chun idirghníomhú go cuí le cainteoirí na sprioctheanga.

Ba chóir go mbeadh scoláirí Thimthriall 3 ábalta úsáid a bhaint as raon cóid idirchultúrtha chun freagairt do steiréitíopáil chultúrtha.

Is é an túsphointe do thuiscint idirchultúrtha agus d’fheasacht ar chóid idirchultúrtha ná eolas maith ar na hachair a chruthaíonn difríochtaí cultúrtha: rialacha sóisialta, siombailí stairiúla, miotais, greann, modh maireachtála, gnásanna, reiligiún, etc.

Dá eolaí iad scoláirí ar dhifríochtaí cultúrtha is ea is lú an dóchúlacht go mbeidh míthuiscint orthu nó drochiompar ina measc.

Timthriallta 2 + 3: straitéisí éifeachtacha a roghnú chun a f(h)oghlaim teanga féin a eagrú; agus bheith freagrach, níos mó agus níos mó, as a f(h)oghlaim teanga féin

Ceann de spriocanna an tsiollabais seo ná foghlaimeoirí a spreagadh chun go nglacfaidís níos mó freagrachta orthu féin dá bhfoghlaím féin agus chun eolas a bhailiú ar na próisis foghlama. Cothófar sna scoláirí tuiscint ar conas tabhairt faoi theanga eile a fhoghlaim. Ionas go spreagfaí scoláirí chun a bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha, féinriartha agus machnamhacha, is gá go gcothóidís straitéisí d'fhoghlaím éifeachtach teanga. Mar shampla, trí na scoláirí a chur ar an eolas maidir leis na cuspóirí foghlama ag tús gach ceachta agus iad a ghríosú le húsáid a bhaint as dialann foghlama, tig le múinteoirí cabhrú le scoláirí a gcuid foghlama féin a mheas. Má úsáidtear uirlisí mar ráitis 'is féidir liom' nó *An Punann Eorpach Teanga*, cuirtear ar chumas scoláirí spriocanna foghlama réadúla pearsanta a shainathint.

Timthriall 3: Téacsanna liteartha agus neamhliteartha a léamh, a thuiscint agus a anailísiú

Ba cheart go mbeadh na scileanna ag scoláirí le bheith ábalta ar théacsanna as seánraí difriúla liteartha a léamh, a thuiscint agus a anailísiú, maille le seánraí neamhliteartha mar ailt nuachtán, litreacha chuig an eagarthóir, díospóireachtaí, etc.

Sa chomhthéacs seo, is é a chiallaíonn anailís ná an cumas chun príomhtheachtaireachtaí an téacs a chur in iúl agus a mhíniú, le cabhair téarmaí bunúsacha teicniúla, más gá.

c) Ábhar

foclóir agus nathanna cainte

I ngach timthriall, ba chóir go gcuirfeadh an foclóir ar chumas na scoláirí na cuspóirí foghlama a ghnóthú sna cúig scil teanga (féach cuspóirí foghlama 1-5).

Mar shampla, sa chéad timthriall ba chóir go bhféadfadh scoláirí *focail agus frásaí bunaithe ar thaithí agus ar achair a bhfuil ábharthacht phearsanta láithreach ag baint leo, a thuiscint ...*

Cabhróidh eolas ar chorthaí cainte coitianta leis na scoláirí chun úsáid as a stuaim féin a bhaint as an sprioctheanga.

patrúin focal agus struchtúir ghramadaí shimplí

Ní mór tosaíocht a thabhairt d'úsáid agus d'fheidhmiúlacht teanga nuair a thagann múineadh na gramadaí i gceist. Ba chóir staidéar ar struchtúir theanga ar leith a chomhtháthú le gníomhaíochtaí agus le suímh chumarsáideacha. Is gá na struchtúir ghramadaí riachtanacha a fhorbairt agus a fhás go céimneach le linn na dtí timthriall.

Ba cheart an t-eolas ar struchtúir ghramadaí ábhartha agus ar phatrúin focal a fhorbairt de réir na gcuspóirí foghlama do gach timthriall.

Mar shampla:

I dTimthriall 1, chun a bheith rannpáirteach i gcomhráite simplí is gá eolas ar fhrásaí comhráiteacha coitianta a bheith ag an scoláire, maille le heolas áirithe ní amháin ar bhriathra san aimsir láithreach ach freisin san aimsir chaite agus san aimsir

fháistineach. Ní gá in aon chor go mbeadh gach foirm de bhriathra dá saghas ar eolas ag scoláirí.

I dTimthriall 3, chun go mbeadh scoláirí in ann cuntais agus téacsanna mionsonraithe, soiléire a scríobh agus a chur i láthair nó tuairimí pearsanta a mhíniú, bheadh réimse de struchtúir choimpléascacha ghramadaí ag teastáil uathu.

cultúr thíortha na sprioctheanga

Timthriall 1: feacht ar chultúr thíortha/phobail na sprioctheanga

Moltar úsáid a bhaint as ábhar gearr, barántúil mar dhánta, míreanna gearra nuachta, greannáin, irisí, scéalta sí, gearrscéalta oiriúnaithe, etc. Sa chomhthéacs seo, bhainfeadh tairbhe ar leith le TFC.

Timthriall 2: eolas áirithe ar chultúr thíortha/phobail na sprioctheanga agus teagmháil áirithe le téacsanna liteartha

Ba cheart go mbeadh rochtain ag scoláirí ar raon sleachta as téacsanna agus ábhair éagsúla liteartha agus neamhliteartha, mar ghearrscéalta, dánta agus ailt nuachtán, etc.

Timthriall 3 : léargas ar chultúr thíortha /phobail na sprioctheanga agus staidéar ar théacsanna liteartha san áireamh

Ba chóir go ndéanfadh scoláirí staidéar ar shamplaí as na seánraí liteartha éagsúla, chomh maith leis na seánraí neamhliteartha. Níor mhór dhá shaothar liteartha iomlána a léamh ina mbunleaganacha.

d) Measúnú

Tomhaiseann na scrúduithe deiridh a mhéad atá na cuspóirí foghlama don timthriall gnóthaithe ag na scoláirí.

Ba chóir do mhúinteoirí úsáid a bhaint as na cuspóirí foghlama mar bhonn do mheasúnú na scoláirí.

Úsáid a bhaint as na greillí féin-mheasúnaithe sa CTCE agus sna Punanna Eorpacha Teanga.

Is úsáideach an uirlis é an féinmheasúnú chun inspreagadh agus feacht na scoláirí ar an bpróiseas foghlama a mhéadú. Cabhraíonn sé leis an bhfoghlaiméir a nearta agus a laigí a aimsiú agus eagar níos éifeachtúla a chur ar a f(h)oghlaim.

Sna Punanna Eorpacha Teanga agus sa CTCE, seoltar isteach greillí féinmheasúnaithe (ráitis “is féidir liom”) mar uirlis éifeachtach bhreise don fhoghlaiméir teanga.

AGUISÍNÍ (2013-01-D-44-en-5 ÚDARAITHE AG AN GCOMHCHOISTE TEAGAISC AR AN 13 AGUS 14 FEABHRA 2014 AGUS AG BORD NA NGOBHARNÓIRÍ AR AN 8 – 10 AIBREÁN 2014)

- Aguisín 1: Measúnú – scrúduithe scríofa an Baccalaureate
- Aguisín 2: Nótaí tráchta ar an ngeille mheasúnaithe do scrúduithe scríofa an Baccalaureate
- Aguisín 3: Measúnú – scrúduithe cainte an Baccalaureate
- Aguisín 4: Samplaí do scrúduithe scríofa an Baccalaureate (EN-DE-FR)
- Aguisín 5: Samplaí do scrúduithe cainte an Baccalaureate (Cuid 2, idirghníomhaíocht ó bhéal)

Tugadh isteach siollabas armónaithe do na teangacha LIII go léir sa scoilbhliain 2012-2013. Tarlóidh an chéad BAC LIII in 2015. Dá thoisc sin, tá gá le formáid nua scrúdaithe LIII. Sa siollabas nua déantar cur síos ar na cuspóirí foghlama i dtéarmaí ábaltachtaí i dtaca le héisteacht, léamh, láithreoireacht agus idirghníomhaíocht ó bhéal, agus scríobh, agus tá sé bunaithe ar an *gCreatlach Tagartha Coiteann Eorpach do Theagasc agus Foghlaim Teangacha Iasachta*. Déantar tagairt ann freisin do straitéisí “foghlaím conas foghlaim”, scileanna staidéir agus cumais chultúrtha.

1. SCRÚDÚ SCRÍOFA AN BAC

Ba chóir go léireodh an scrúdú ceann cúrsa na hábaltachtaí seo ar bhealach ionadaíoch. Déanfaidh an scrúdú scríofa measúnú ar an mórchóir ar léamh, scríobh agus tuiscint liteartha na scoláirí. Aireofar eolas cultúrtha orthu seo. Déanfar an mheastóireacht ar mhodh a bheidh ag freagairt don chur chuige ar a bhfuil an curaclam féin bunaithe agus a bhfuil cumarsáid agus cumas mar bhonn dó (téacsanna barántúla, tascanna feidhmiúla agus barántúla, tascanna i gcomhthéacs).

Beidh trí chuid sa scrúdú scríofa:

Cuid 1: léamhthuiscint

Cuid 2: táirgeadh scríofa

Cuid 3: tuiscint ar litríocht

Léamhthuiscint

Tugann na cuspóirí foghlama sainmhíniú ar na scileanna léitheoireachta ag deireadh Thimthrialla 3: *Ba chóir go mbeadh na scoláirí ábalta téacsanna liteartha agus neamhliteartha a léamh, a thuiscint agus a anailísiú. Sa chomhthéacs seo, is é a chiallaíonn ‘anailísiú’ ná an cumas chun príomhtheachtairachtaí an téacs a chun in iúl, le cabhair buntéarmaí teicniúla, más gá. (Féach: an Siollabas do gach Teanga LIII, Aguisín: Nótaí Tráchta).*

Is ceadmhach téacsanna ficseanúla éagsúla a úsáid: ailt nuachtán, ailt tréimhseachán, lámhleabhair úsáideoirí, treoirleabhair thaistil, réamheolairí, foirmeacha agus ceistneoirí, litreacha foirmiúla, ábhar fógraíochta, litreacha, aistí, bunachair shonraí, fograí poiblí, óráidí poiblí, léachtaí, etc.

Táirgeadh scríofa

Um dheireadh Thimthriall 3, ba chóir go mba chumas do na scoláirí téacsanna mionsonraithe, soiléire a scríobh, ina measc litreacha, aistí agus tuairiscí a chuireann dearchtaí nó barúla ar raon leathan ábhar in iúl (féach an Siollabas do gach teanga LIII, Cuspóiri Foghlama).

Chun measúnú a dhéanamh ar a scileanna scríbhneoireachta, comhlánaíonn na scoláirí tasc feidhmiúil (tráchtairacht, alt nuachtáin, litir oifigiúil etc.) agus tasc cruthaitheach (gearrscéal, agallamh, dialann phearsanta, dán, etc.). Bíonn an measúnú bunaithe ar na critéir a leanas: tasc-inniúlacht, eagrú, raon léacsach agus struchtúrach, cruinneas léacsach agus struchtúrach.

Tuiscint ar litríocht

Tagraíonn tuiscint ar litríocht do chuspóir ginearálta scileanna léitheoireachta:

Ba chóir go ndéanfadh scoláirí staidéar ar shamplaí as na seánraí liteartha éagsúla, chomh maith leis na seánraí neamhliteartha. Níor mhór dhá shaothar liteartha iomlána a léamh ina mbunleaganacha (féach an Siollabas do gach teanga LIII, Aguisín: Nótaí Trácht).

Beidh dhá leabhar éigeantacha i gceist, ceann i mBliain 6 agus ceann i mBliain 7.

Scríobhfaidh na scoláirí aiste, anailís nó léirmheas chun a dtuiscint ar na leabhair éigeantacha, agus a bhfreagairt dóibh, a mheas. Féadfaidh scoláirí ceist amháin a freagairt as a rogha féin den dá leabhar.

Léirshamhail den scrúdú scríofa

Leithdháileadh ama: 3 huairé a chloig

Cuid 1: Léamhthuiscint	2-3 théacs éagsúla, 600 focal mar iomlán (+/- 10%)	Ilroghnach, fíor/bréagach, ceisteanna gearrfhreagra, etc.
Cuid 2: táirgeadh scríofa	1 tasc feidhmiúil (rogha idir 2 cheann) agus 1 tasc cruthaitheach (rogha idir 2 cheann), 400 focal mar iomlán	Tráchtairacht, alt nuachtáin, litir oifigiúil, etc.; gearrscéal, agallamh, dialann phearsanta, dán, etc.
Cuid 3: tuiscint ar litríocht	1 tasc do gach leabhar (rogha idir téacs 1 agus téacs 2), 300 focal mar iomlán	Anailís, aiste, léirmheas, etc. agus freagairt phearsanta ina measc

Beidh ualú comhionann ag gach cuid den scrúdú scríofa.

2. SCRÚDÚ CAINTE AN BAC

In LIII, tig le scoláirí rogha a dhéanamh idir scrúdú scríofa agus scrúdú cainte an BAC. Toisc gur mar mhalairt ar an scrúdú scríofa an scrúdú cainte, ba chóir go ndéanfaidh sé measúnú ar na hábaltachtaí céanna leis an scrúdú scríofa, cé is moite de scileanna idirghníomhaíochta agus láithreoireachta a chur in ionad na scileanna scríofa. D'ainneoin seo, amhail an scrúdú scríofa, déantar measúnú ar scileanna léitheoireachta agus tuiscint ar litríocht araon ann.

Le linn an scrúdaithe, léiríonn na scoláirí a dtuiscint ar théacs neamhliteartha, gan réamhamharc, agus taispeánann siad a dtuiscint ar, agus a bhfreagairt do cheann de na leabhair éigeantacha, agus glacann siad páirt in agallamh treoraithe.

Déantar cumais na scoláirí a mheas de réir na gcritéar a leanas: ábhar, éifeachtacht chumarsáideach, cruinneas agus líofacht.

Um dheireadh Thimthriall 3, tig le scoláirí a bheith páirteach i gcomhráite mar gheall ar thoipicí inspéise ginearálta agus cúrsaí reatha agus tuairimí pearsanta a chur in iúl go measartha líofa as a stuaim féin, cuntais shoiléire, mhionsonraithe a thabhairt ar raon leathan ábhar, agus na cúiseanna atá le tuairimí agus pleananna a thabhairt agus iad a mhíniú. Chuige seo, ba chóir go mbeadh ar a gcumas na príomhphointí i gcaint chaighdeánach, atá níos casta ach soiléir agus atá baintach le toipicí spéise ginearálta agus le cúrsaí reatha, a thuiscint. (Féach an siollabas do gach teanga LIII, Cuspóirí Foghlama).

Beidh trí chuid sa scrúdú cainte:

Cuid 1: léamhthuiscint

Cuid 2: idirghníomhaíocht ó bhéal

Cuid 3: tuiscint ar litríocht

Léirshamhail den scrúdú cainte

Am ullmhúcháin: 20 nóiméad

Tarraingíonn an scoláire téacs as rogha de théacsanna léitheoireachta neamhfhicseanúla, gan réamhamharc, agus déanann staidéar air.

Leithdháileadh ama don scrúdú cainte: 20 nóiméad

Glacann an bheirt scrúdaitheoirí páirt ghníomhach sa scrúdú.

<p>Cuid 1: léamhthuisctint</p> <p>Fad an téacs: 350 focal (+/- 10%)</p>	<p>Déanann an bheirt scrúdaitheoirí measúnú ar thuisctint na scoláirí ar an téacs, agus a léargas air, trí cheisteanna a chur ar na príomhidéanna, mionsonraí ábhartha, etc.</p> <p>Ní bhíonn aon réamhamharc ag na scoláirí ar na ceisteanna seo</p>
<p>Cuid 2: idirghníomhaíocht ó bhéal</p>	<p>Déantar scileanna cainte na scoláirí a mheas trí agallamh gearr ar thoipicí inspéise ginearálta agus pearsanta</p>
<p>Cuid 3: tuiscint ar litríocht</p>	<p>Anailís, aiste, léirmheas, etc. agus freagairt phearsanta san áireamh iontu</p>

<i>Critéir</i>		<i>Uas-mharc 40</i>
Cuid 1 Léamhthuiscint	<ul style="list-style-type: none"> • 40 pointe le dáileadh go cothrom ar gach ceist • Ualú i gcás ceiste casta/focheisteanna 	
<i>Uas-mharc 40</i>		
Cuid 2 Táirgeadh scríofa	1. Ábhar <ul style="list-style-type: none"> • Riachtanais an taisc comhlánaithe • Léirchruinneas/forbairt smaointe/idéanna 	1 - 12
	2. Eagrú <ul style="list-style-type: none"> • Struchtúr (Tosach – Corp – críoch) • Comhtháthú idir abairtí agus idir ailt • Aitheantas do ghnásanna an chineál téacs (leagan amach, an seolaí a chur san áireamh, réim teanga, etc.) 	1 - 12
	3. Cruinneas <ul style="list-style-type: none"> • Foclóir • Litríú • Gramadach 	1 - 12
	4. Stíl <ul style="list-style-type: none"> • Raon foclóireachta, struchtúr • Soléiteacht 	
<i>Uasmharc 40</i>		
Cuid 3 Tuiscint ar litríocht	1. Ábhar <ul style="list-style-type: none"> • Riachtanais an taisc comhlánaithe • Eolas ar an ábhar (priomhidéanna, téamaí, carachtair, comhdhéanamh an leabhair éigeantaigh) 	20
	2. Freagairt phearsanta <ul style="list-style-type: none"> • Dearcadh pearsanta • Argóintí ábhartha 	10
	3. Scríobh <ul style="list-style-type: none"> • Leorúsáid teanga 	10
Marc iomlán		

Nóta tráchta ar Chuid 2 (Táirgeadh téacs):

Bainfear úsáid as an mbileog mheasúnaithe seo do gach tasc.

Is ionann an t-uasmharc don táirgeadh scríofa agus an meánmharc don dá thasc scríofa.

AGUISÍN 2

Nótaí tráchta ar an ngreille mheasúnaithe do na scrúduithe BAC scríofa

Tagraíonn an ghreille mheasúnaithe don *Chreatlach Tagartha Coiteann Eorpach do Theagasc agus Foghlaim Teangacha* (CTCE, 2001), agus baintear úsáid aisti chun measúnú a dhéanamh ar LIII ag leibhéal B1+ sna scrúduithe BAC scríofa.

CUID 1: LÉAMHTHUISCINT

Bunaítear an t-ualú ar leithdháileadh na marcanna.

Ní dhéantar cruinneas teanga a mheas.

CUID 2: TÁIRGEADH SCRÍOFA

Sa ghreille mheasúnaithe cuirtear san áireamh ceithre chritéar ar leith: ábhar, eagrú, cruinneas agus stíl.

1. Ábhar

- riachtanais an taisc comhlánaithe
Áirítear sa chritéar seo cé chomh maith is a chomhlánaíonn an scoláire riachtanais an taisc.
- Léirchruinneas/forbairt smaointe/idéanna
Sa chomhthéacs seo ciallaíonn “léirchruinneas” forbairt loighciúil idéanna

2. Eagrú

Áirítear sa chritéar seo

- Struchtúr an téacs (Tosach – Corp – críoch)
- Comhtháthú idir abairtí agus ailt
- Gnásanna an cineál téacs: spriocléitheoirí, leagan amach

3. Cruinneas

Áirítear sa chritéar seo ceartúsáid na teanga (moirfeolaíocht agus comhréir, focloir agus litriú

4. Stíl

Déanann an critéar seo measúnú ar

- Raon agus éagsúlacht foclóra agus struchtúr
- Soléiteacht agus líofacht teanga

CUID 3: TUISCINT AR LITRÍOCHT

Cuirtear san áireamh sa ghreille mheasúnaithe trí chritéar ar leith: ábhar, freagairt phearsanta agus scríobh

1. Ábhar

- Riachtanais an taisc comhlánaithe
Áirítear sa chritéar seo cé chomh maith is a chomhlánaíonn an scoláire riachtanais an taisc
- Eolas ar an ábhar
Forbhreathnú ar na príomhthéamaí, na príomhcharachtair agus ar fhorbairt an phlota.

2. Freagairt phearsanta

Léiríonn an scoláire a léargas ar agus a fhreagairt phearsanta don téacs liteartha, agus tugann cúiseanna leo.

3. Scríobh

Déanann an critéar seo measúnú ar fheidhmiú cuí na teanga (gramadach, foclóir, litriú) i dtaca leis na tascanna.

Moltar go mbainfí úsáid as an ngreille mheasúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar chleachtaí uile an táirgthe scríofa, ionas go rachadh scoláirí i dtaithe ar na critéir mheasúnaithe.

AGUISÍN 3

Measúnú – scrúdú cainte an BAC

	<i>Critéir</i>	Uasmharc 90
Cuid 1: Léamhthuiscint	<ul style="list-style-type: none">• Tuiscint ar théacs neamhfhicseanúil (achoimre, príomhthéama(í))• Príomhtheachtairacht(aí) a mhionléiriú	30
Cuid 2: Idirghníomhaíocht ó bhéal	<ul style="list-style-type: none">• Éifeachtacht chumarsáide*• Cruinneas foclóra agus gramadaí• Líofacht**	30
Cuid 3: Tuiscint ar litríocht	<ul style="list-style-type: none">• Eolas ar cheann den dá leabhar (imeachtaí/idéanna/téamaí, carachtair)• Freagairt phearsanta do leabhar éigeantach amháin***	30

**éifeachtacht chumarsáide* (féach CTCE): cuí sa chomhthéacs, ábhar ábhartha

** *líofacht*: gan stadanna mínádúrtha

*** ciallaíonn *freagairt phearsanta* freagairt duine don téacs éigeantach, agus a b(h)arúil ina leith, a thabhairt agus bheith ábalta a d(h)earcadh a chosaint

Annex 4

ENGLISH LANGUAGE III

SAMPLE paper for the new Baccalaureate written L III exam
(ref.2010-D-49-3 Syllabus for all L III languages)

Length of the examination: 3 hours (180 minutes)

Permitted Equipment: None

Special remarks: Answer **all three** parts

Part 1. Reading Comprehension: Answer questions A **and** B

Part 2. Written Production: Answer **one** question from task A and **one** question from task B

Part 3. Understanding Literature: Answer question A **or** question B

**EUROPEAN BACCALAUREATE
ENGLISH LANGUAGE III**

Part 1 – Reading Comprehension

40 points

Question A

Read the following text and answer the questions which follow.



DOLLARS FOR SCHOLARS

I

Paying kids for good grades is a popular (if questionable) parenting tactic. But when school starts next week, New York City (NYC) will try to use this type of enticement to get parents in low-income neighbourhoods more involved in their children’s education.

II

